



An Bhruiséil, 5 Nollaig 2025
(OR. en)

16230/25

ECOFIN 1660
UEM 614
ECB
EIB

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Sonraíochtaí maidir le Cur Chun Feidhme an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis (An Cód Iompair)

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na sonraíochtaí maidir le cur chun feidhme an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis (ar a dtugtar freisin an Cód Iompair).

Sonraíochtaí maidir le Cur Chun Feidhme an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis

Ábhar

RÉAMHRÁ.....	3
1. An táscaire oibriúcháin aonair — sainmhíniú ar an táscaire glanchaitheachais.....	6
2. An measúnú ar athchóirithe agus ar infheistíocht sna pleananna meántéarmacha.....	10
3. Oibriú an chuntais rialaithe.....	16
4. Athbhreithniú ar na pleananna meántéarmacha.....	20
5. An ghéag cheartaitheach - oibriú an nós imeachta um easnamh iomarcach agus measúnú ar ghníomhaíocht éifeachtach.....	23

RÉAMHRÁ

Tagann an Tuairim seo in ionad na Tuairime ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais (CEA) an 15 Bealtaine 2017 maidir le sonraíochtaí agus cur chun feidhme an Chomhshocráithe Cobhsaíochta agus Fáis agus maidir le hinneachar agus formáid na gClár um Chobhsaíocht agus um Chóineasú. Ghlac an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais an Tuairim nua seo an 1 Nollaig 2025.

Tháinig an Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis i bhfeidhm go hiomlán an 1 Eanáir 1999 agus is é atá ann creat riailbhunaithe ina bhfuil gnéithe coisctheacha agus ceartaitheacha araon. Is é a bhí ann ar dtús Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú a neartú, Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air agus Rún an 17 Meitheamh 1997 maidir leis an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis.

An 27 Meitheamh 2005, leasaíodh Rialacháin 1466/97 agus 1467/97 le Rialacháin (CE) Uimh. 1055/05 agus (CE) Uimh. 1056/05. An 16 Samhain 2011 agus an 8 Samhain 2011, rinneadh Rialacháin 1466/97 agus 1467/97 a leasú a thuilleadh le Rialachán (AE) Uimh. 1175/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus le Rialachán (AE) Uimh. 1177/2011 ón gComhairle agus rinneadh iad a chomhlánú le Rialachán (AE) Uimh. 1173/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, rud a d'fhág go raibh sásraí forfheidhmithe éifeachtacha sa Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis do Bhallstáit an limistéir euro. An 8 Samhain 2011, ghlac an Chomhairle freisin Treoir (AE) 2011/85 maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát, nach cuid den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis í *per se* ach atá ríthábhachtach chun a chuspóirí a bhaint amach.

An 29 Aibreán 2024, aisghaireadh Rialachán Uimh. 1466/97 le Rialachán (AE) 2024/1263¹, lenar tugadh isteach athchóiriú suntasach ar an gcreat chun beartais eacnamaíocha agus an faireachas buiséadach a chomhordú go héifeachtach. Faoin gcreat nua rialachais eacnamaíoch, tá an faireachas iltaobhach bunaithe ar phleananna fioscach-struchtúracha meántéarmacha arna n-ullmhú ag na Ballstáit. I Rialachán 2024/1263, leagtar síos forálacha mionsonraithe maidir le hinneachar, tíolacadh, measúnú, formhuiniú agus faireachán na bpleananna chun airgeadas poiblí atá fóna agus inbhuanaithe agus fás inbhuanaithe cuimsitheach a chur chun cinn, agus an athléimneacht a chur chun cinn trí bhíthin athchóirithe agus infheistíochtaí, lena n-áirítear iad siúd a rannchuidíonn le tosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais, agus chun cosc a chur ar easnamh rialtais iomarcacha. An 29 Aibreán 2024, leasaíodh Rialachán Uimh. 1467/97 le Rialachán (AE) 2024/1264 chun cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach a ailíniú leis an gcreat rialachais eacnamaíoch nua. An dáta céanna, ghlac an Chomhairle Treoir (AE) 2024/1265 freisin, lena leasaítear Treoir 2011/85 maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát. Mar a cheanglaítear le Rialachán 2024/1263, d’eisigh an Coimisiún fógra² ina dtugtar treoraíocht do na Ballstáit maidir leis na ceanglais faisnéise le haghaidh na bpleananna fioscacha-struchtúracha meántéarmacha agus na dtuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn.

Cuimsítear forálacha agus sonraíochtaí mionsonraithe sa reachtaíocht cheana féin chun cur chun feidhme an chreata nua rialachais eacnamaíoch a áirithiú. Dá bhrí sin, seachnaítear sa Tuairim seo forluí le gnéithe a códaíodh cheana féin sna rialacháin agus ní thugtar soiléirithe inti ach amháin maidir leis na gnéithe sin ar measadh go raibh gá le sonraíocht bhreise ina leith. D’fhéadfadh an Tuairim seo a bheith faoi réir tuilleadh nuashonruithe amach anseo, más rud é go mbeidh tuilleadh sonraíochta ag teastáil le linn chur chun feidhme an chreata.

¹ Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle, IO L, 2024/1263, 30.4.2024, <https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj/eng>.

² ‘Treoraíocht do na Ballstáit maidir leis na Ceanglais Faisnéise le haghaidh Pleananna Fioscacha-Struchtúracha Meántéarmacha agus le haghaidh na dTuarascálacha Bliantúla ar Dhul Chun Cinn’ IO: C/2024/3975 <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:52024XC03975>.

Tá na Ballstáit, an Coimisiún agus an Chomhairle tiomanta a bhfreagrachtaí faoi seach a chomhlíonadh, agus an Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis á gcur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach tráthúil. Ina theannta sin, ós rud é gur dlúthchuid den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis é éifeachtacht na tacaíochta piaraí agus an phiarbhrú, meastar go gcosnóidh agus go bpoibleoidh an Chomhairle agus an Coimisiún a seasaimh agus a gcinntí ag gach céim ábhartha de nós imeachta an Chomhshocráithe Cobhsaíochta agus Fáis, lena n-áirítear trí idirphlé eacnamaíoch le Parlaimint na hEorpa, i gcás inarb iomchuí. Meastar go ngníomhóidh an Chomhairle, de ghnáth, de réir na moltaí agus na dtograí ón gCoimisiún nó go ndéanfaidh sí a seasamh a mhíniú go poiblí. Meastar go gcuirfidh na Ballstáit treoraíocht agus moltaí ón gComhairle san áireamh, go háirithe agus a mbuiséid á n-ullmhú acu, agus go mbeidh na Parlaimintí náisiúnta rannpháirteach go hiomchuí i nósanna imeachta an Aontais, agus nósanna imeachta parlaiminteacha agus buiséadacha á gcur san áireamh.

1. AN TÁSCAIRE OIBRIÚCHÁIN AONAIR — SAINMHÍNIÚ AR AN TÁSCAIRE GLANCHAITEACHAIS

I gcreat rialachais eacnamaíoch an Aontais, úsáidtear táscaire oibriúcháin aonair atá fréamhaithe san inbhuanaitheacht fiachais chun faireachas fioscach bliantúil a dhéanamh do gach Ballstát. Tá an táscaire sin bunaithe ar an nglanchaiteachas príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta. Mínítear sa chaibidil seo den Chód Iompair an sainmhíniú ar ghlanchaiteachas príomhúil agus an chaoi a ríomhtar comhiomlán an ghlanchaiteachais sa chleachtas, chomh maith leis na foinsí sonraí a úsáidtear. Pléitear inti freisin cur chun feidhme na bhforálacha ginearálta a bhaineann le caiteachas ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas agus mínítear inti an fáth ar gá bonnbhliain a bhunú sna pleananna fioscacha-struchtúrtha meántéarmacha.

An chonair ghlanchaiteachais agus comhiomlán an ghlanchaiteachais

Is é atá i gceist leis an gconair ghlanchaiteachais an chonair ilbhliantúil do ghlanchaiteachas Ballstáit. Is i dtéarmaí rátaí fáis bliantúla agus carnacha an ghlanchaiteachais ainmniúil a leagtar amach conairí glanchaiteachais na gconairí tagartha agus na bpleananna fioscacha-struchtúracha meántéarmacha. Is i moladh ón gComhairle a ghlactar na huasrátaí ilbhliantúla fáis glanchaiteachais, ar cheart iad a bheith i gcomhréir leis na ceanglais i Rialachán 2024/1263. Is tábhachtach, i gcomhréir le prionsabal an táscaire oibríochtúil aonair, go ndéanfar measúnú ar na Ballstáit in aghaidh na rátaí fáis glanchaiteachais arna leagan amach sa mholadh lena bhformhuinítear an plan faoin ngéag choisctheach nó i moladh Airteagal 126(7) CFAE faoin ngéag cheartaitheach den chreat rialachais eacnamaíoch.

Mar a shonraítear in Airteagal 2 de Rialachán 2024/1263, sainmhínítear an comhiomlán glanchaiteachais mar chaiteachas rialtais atá glan ar chaiteachas úis, ar bhearta lánroghnacha ioncaim, ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas, ar ghnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

Is ó roinnt foinsí éagsúla a thagann comhpháirteanna an chomhiomláin glanchaiteachais a úsáidtear *ex-post* chun measúnú a dhéanamh ar an gcomhlíontacht nuair a bhíonn an creat rialachais eacnamaíoch á chur chun feidhme. I gcás an chaiteachais iomláin, an chaiteachais úis agus an chaiteachais arna mheaitseáil go hiomlán le cistí an Aontais, úsáidtear sonraí buiséadacha olltoraidh arna mbailíochtú ag EUROSTAT. Chun tionchar na mbeart beartais fhioscaigh a shainaithint agus a thairfeadh, lena n-áirítear bearta lánroghnacha ioncaim agus ioncam agus caiteachas aonuaire, coinneoidh an Coimisiún an creat seanbhunaithe reatha, agus áiritheoidh sé ag an am céanna go leanfaidh sé d'idirphlé trédhearcach leis na Ballstáit maidir le difríochtaí idir meastacháin ar thionchar na mbeart.³ Déanann an Coimisiún gnéithe timthriallacha den chaiteachas dífhostaíochta a ríomh bunaithe ar shonraí Eurostat trí úsáid a bhaint as modheolaíocht réamhaontaithe,⁴ i gcomhréir le rialacha atá ann cheana. Déantar an ráta dífhostaíochta timthriallaí a ríomh mar an difríocht idir an ráta dífhostaíochta iomlán agus an ráta dífhostaíochta gan éifeacht ar phá (NAWRU, as ‘*non-accelerating wage rate of unemployment*’, arna mheas de réir EUCAM). Déantar na gnéithe timthriallacha den chaiteachas dífhostaíochta a ríomh ansin mar sciar comhréireach den chaiteachas iomlán ar shochar dífhostaíochta (feidhm 10.5 de COFOG), arna bhailíochtú agus arna fhoilsiú ag EUROSTAT.

³ Mar a shonraítear sa *Report on Public Finances in EMU 2024* [Tuarascáil maidir le hAirgeadas Poiblí in AEA 2024], sa chaibidil dar teideal ‘The Definition and Quantification of Fiscal Policy Measures’ [Sainmhíniú agus Cainníochtú Beart Beartais Fhioscaigh], lgh. 61-71.

⁴ Leantar de ghnéithe timthriallacha den chaiteachas dífhostaíochta (UE_t^c) a ríomh mar a leanas:

$$UE_t^c = UE_t \frac{u_t - NAWRU_t}{u_t}$$

i gcás ina seasann UE_t don chaiteachas iomlán ar dhífhostaíocht, ina seasann u_t don ráta dífhostaíochta agus ina seasann NAWRU don ráta dífhostaíochta struchtúraí gan éifeacht luasghéaraithe ar phá. Mura bhfuil an caiteachas iomlán ar dhífhostaíocht ar fáil do bhliain shonrach, déantar é a mheas mar a leanas:

$$UE_t = \left(\frac{UE_{t-1}}{N_{t-1}} \right) \cdot N_t$$

i gcás ina seasann $\frac{UE_{t-1}}{N_{t-1}}$ don fhaisnéis is déanaí atá ar fáil maidir le sochar dífhostaíochta in aghaidh an duine agus ina seasann N_t do líon na ndaoine dífhostaithe.

Caiteachas ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas

Baineann cómhaoiniú náisiúnta na gclár arna gcistiú ag an Aontas leis na cistí sin de chuid an Aontais a n-áirítear ceanglas náisiúnta cómhaoinithe ina leith sa rialachán gaolmhar, as a n-eascaíonn caiteachas rialtais ghinearálta náisiúnta a thaifeadtar sna cuntais náisiúnta.⁵

Tá córas tuairiscithe bunaithe ag EUROSTAT le haghaidh ranníocaíochtaí cómhaoinithe náisiúnta. Is le linn fhógra fioscach mhí Dheireadh Fómhair 2024 a tharla an chéad bhabhta tuairiscithe, agus tuairiscíodh sonraí nua agus sonraí nuashonraithe le linn gach babhta fógartha fhioscaigh san earrach agus san fhómhar.⁶

Níl an cómhaoiniú náisiúnta arna sholáthar ag an earnáil phríobháideach ábhartha maidir leis an eisiámh ón táscaire glanchaiteachais. Is ar shonraí olltoraidh atá le foilsiú agus le bailíochtú ag EUROSTAT a bhunaítear leibhéal an chómhaoinithe náisiúnta is ábhartha chun na méideanna a asbhaint ó chomhiomlán an ghlancaiteachais. Tá siad sin teoranta d'oibleagáidí cómhaoinithe náisiúnta arna socrú sna comhaontuithe ábhartha idir na Ballstáit agus institiúidí an Aontais.

⁵ Áirítear ar na cistí sin Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir, an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe, cistí eile Rialachán na bhForálacha Coiteanna, cuir i gcás an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí, an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosáí, an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, chomh maith leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe. D'fhéadfadh an liosta cistí sin a bheith faoi réir nuashonruithe tar éis Creataí Airgeadais Ilbhliantúla a bheith glactha.

⁶ Sular bunaíodh an creat chun na sonraí sin a bhailiú agus a sholáthar, ceadaíodh do na Ballstáit dul i muinín meastachán (bunaithe ar na híoscheanglais sna rialacháin ábhartha).

Bonnbhliain a shainiú

Chun an chonair ghlanhaiteachais a bhunú do thréimhse an phlean, ba cheart na rátaí fáis a bheith fréamhaithe sna sonraí olltoraidh is déanaí atá ar fáil. I bhformhór na gcásanna, is í sin an bhliain roimh (T-1) bhliain chur isteach an phlean mheántearmaigh (T). Mar sin féin, má chuirtear plean isteach ag tús na bliana (idir Eanáir agus Márta na bliana T, cuir i gcás) sula bhfoilseoidh EUROSTAT agus na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta sonraí olltoraidh don bhliain roimhe sin (T-1), is gá na rátaí fáis carnacha a dhaingniú ar leibhéal na bliana T-2 agus is gá gurb í sin a bheidh sa bhonnbhliain. I gcás ina mbeidh fáil den chéad uair ar shonraí olltoraidh níos nuaí le linn chéim mheasúnaithe an phlean, ba cheart iad sin a chur san áireamh sa mholadh lena bhformhuinítear an plean. Déantar fás an ghlanhaiteachais ó bhí an bhonnbhliain ann a chuimsiú sa mholadh ón gComhairle trí rátaí fáis carnacha an ghlanhaiteachais phríomhúil ón gcéad bhliain den phlean ar aghaidh.

2. AN MEASÚNÚ AR ATHCHÓIRITHE AGUS AR INFHEISTÍOCHT SNA PLEANANNA MEÁNTÉARMACHA

I gcomhréir le Rialachán 2024/1263, i gcás na mBallstát uile, ba cheart míniú a thabhairt i bplean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta ar an gcaoi a n-áiritheoidh an Ballstát go soláthrófar athchóirithe agus infheistíochtaí lena rachfar i ngleic leis na príomhdhúshláin a sainaitníodh sa Seimeastar Eorpach agus ba cheart aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí coiteanna an Aontais. Foráiltear le Rialachán 2024/1263 freisin gur cheart do na Ballstáit uile, sa tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn, tuairisciú ar chur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí níos leithne i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

Meabhraítear sa chaibidil seo na prionsabail ghinearálta is bun leis na ceanglais faisnéise agus leis an tuairisciú ar athchóirithe agus infheistíochtaí sna pleananna, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis an measúnú a rinne an Coimisiún.

Pleananna fioscacha-struchtúrtha meántéarmacha náisiúnta: ceanglais faisnéise le haghaidh athchóirithe agus infheistíochtaí

Ceanglais maidir le gach plean

Ba cheart míniú a thabhairt i bplean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta ar an gcaoi a n-áiritheoidh an Ballstát go soláthrófar athchóirithe agus infheistíochtaí ábhartha le haghaidh fás agus athléimneacht inbhuanaithe cuimsitheach. Ba cheart athchóirithe agus infheistíochtaí a chur i láthair ann lena rachfar i ngleic leis na príomhdhúshláin arna sainithint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, go háirithe sna moltaí tírshonracha.

De réir mar is ábhartha do chur chun feidhme an phlean fhioscach-struchtúraigh mheántearmaigh, áireofar sa phlean tionchar na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí atá curtha chun feidhme cheana féin ag an mBallstát lena mbaineann, agus aird ar leith á tabhairt ar an tionchar ar inbhuanaitheacht fhioscach, bunaithe ar fhianaise eacnamaíoch fhónta shonraíbhunaithe. Ba cheart tuairisc a thabhairt sa phlean freisin ar an gcaoi a dtabharfaidh an Ballstát aghaidh ar thosaíochtaí coiteanna an Aontais. De mheon na húinéireachta náisiúnta, tá sé de shaoirse ag na Ballstáit cinneadh a dhéanamh maidir leis an bhforléargas beacht a dhéanfar sna pleananna uathu agus maidir le cé chomh mionsonraithe a bheidh na pleananna. Agus faisnéis maidir le hathchóirithe agus infheistíochtaí á soláthar acu, ba cheart do na Ballstáit comhsheasmhacht a áirithiú trí úsáid a bhaint as na táblaí ábhartha⁷ chun achoimre a dhéanamh ar athchóirithe agus ar infheistíochtaí.

Ceanglais maidir le pleananna a bhfuil síneadh ag gabháil leo

Sna pleananna lena ngabhann síneadh, ba cheart tacar athchóirithe agus infheistíochtaí tábhachtacha a shonrú atá mar bhonn taca faoi shíneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin.

Ba cheart a bheith i gceist leis an tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoi shíneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin, bunaithe ar thiomhdí inchreidte stuama, feabhas a chur ar acmhainneacht fáis agus athléimneachta an gheilleagair; ba cheart tacú leis an inbhuanaitheacht fhioscach leo; aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí coiteanna an Aontais; aghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha ábhartha; leibhéal foriomlán beartaithe na hinfeistíochta poiblí arna maoiniú go náisiúnta⁸ a choinneáil ar bun le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an bplean agus a choinneáil ar a laghad chomh hard le meánleibhéal na hinfeistíochta sin sna 4 bliana roimh thíolacadh an phlean. Ina theannta sin, ba cheart gach athchóiriú agus infheistíocht atá mar bhonn taca faoi shíneadh a bheith mionsonraithe, tús-ualaithe, faoi cheangal ama agus infhíoraithe go leordhóthanach chun go mbeidh an Coimisiún in ann measúnú a dhéanamh orthu; ba cheart gach athchóiriú a chur chun feidhme laistigh den tréimhse a chumhdaítear leis an bplean náisiúnta; agus ba cheart, faoi dheireadh na tréimhse coigeartúcháin, dul chun cinn suntasach a dhéanamh maidir le cur chun feidhme na n-infheistíochtaí.

Ba cheart an tuairisc ar na gealltanais athchóiriúcháin agus infheistíochta a bheith soiléir agus ba cheart táscairí a áireamh inti, i gcás inarb ábhartha, chun gur féidir measúnú agus faireachán a dhéanamh ar a gcur chun feidhme. Leis an rogha táscairí, ba cheart a bheith in ann faireachán agus tuairisciú a dhéanamh, agus ualach riaracháin iomarcach á sheachaint ag an am céanna, i gcás inar féidir.

⁷ Táblaí 8 agus 9 san fhógra treoraíochta ón gCoimisiún in 2024.

⁸ Arna shainiú mar ollfhoirmiú caipitil sheasta ag an rialtas ginearálta, glan ó OFCS arna maoiniú le deontais ó institiúidí an Aontais.

Ba cheart faisnéis a bheith sa phlean maidir leis an tionchar a mheastar a bheidh ag athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoi shíneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin. Ba cheart tionchar an tacair athchóirithe agus infheistíochtaí, atá mar bhonn taca faoi shíneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin, ar acmhainneacht fáis agus athléimneachta agus ar inbhuanaitheacht fhioscach a chainníochtú i gcás inar féidir, agus tuairisc shoiléir á tabhairt ar na toimhdí agus ar na modheolaíochtaí a úsáidtear. D'fhéadfaí tionchar fioscach díreach agus indíreach an tacair athchóirithe agus infheistíochtaí araon a chainníochtú sa phlean. Is ar leibhéal phacáiste foriomlán na mbeart a rinneadh a dhéantar an mheastóireacht ar thionchar an tacair.

Iarrtar ar na Ballstáit, i gcás inar féidir, modheolaíochtaí láidre a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí. Iarrtar ar na Ballstáit freisin dea-chleachtais a mhalartú i gcomhlachtaí ullmhúcháin ábhartha na Comhairle, chun measúnú comhleanúnach ar thionchar beart comhchosúil ar fud na mBallstát a áirithiú, agus úinéireacht náisiúnta á caomhnú ag an am céanna.

Measúnú ón gCoimisiún

I gcás na bpleananna uile, scrúdóidh an Coimisiún cé acu a mhíníonn nó nach míníonn na pleananna sin conas a áiríteoidh an Ballstát lena mbaineann go gcuirfear athchóirithe agus infheistíochtaí i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán 2024/1263. Beidh measúnú an Choimisiúin bunaithe ar na critéir dá bhforáiltear sa Rialachán agus leanfaidh sé prionsabail na trédhearcachta agus na córa comhionainne, agus úinéireacht náisiúnta á hurrámu ag an am céanna.

Maidir leis na pleananna lena ngabhann síneadh leis an tréimhse choigeartúcháin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an tacar de ghealltanais athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoi shíneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin, mar riail ghinearálta, na critéir a leagtar amach in Airteagal 14(2) de Rialachán 2024/1263 ina n-iomláine. Chuige sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar inchreidteacht mheasúnú an Bhallstáit ar thionchair, lena n-áirítear na toimhdí agus na modheolaíochtaí a úsáidtear, agus ar cé acu atá nó nach bhfuil tionchar dearfach acu ar an bhfás, ar an athléimneacht agus ar an inbhuanaitheacht fhioscach.

Déanfar measúnú ar mheastacháin chainníochtúla na mBallstát i dtéarmaí a n-inchreidteachta le hais fianaise stílithe sa litríocht eacnamaíoch nó, i gcás ina mbeidh siad ar fáil agus ábhartha, le hais mheastacháin chainníochtúla an Choimisiúin féin. Ba cheart measúnú an Choimisiúin ar inchreidteacht thionchar na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí arna soláthar ag an mBallstát, lena n-áirítear tionchar fíoscach na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a chuirtear i láthair sa phlean, a bheith de réir phrionsabal na trédhearcachta.

Déanfar na critéir a leagtar amach in Airteagal 14(2) maidir le hathchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoi shíneadh na conaire coigeartúcháin a mheasúnú le hais thacar iomlán na ngealltanais athchóirithe agus infheistíochtaí agus ní gá go gcomhlíonfar iad le gach gealltanais aonair.

Tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn: tuairisciú ar staid na himeartha ó thaobh cur feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí

Déantar na ceanglais tuairiscithe le haghaidh tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn a leagan amach in Airteagal 21 de Rialachán 2024/1263 (agus sonraítear a thuilleadh iad san Fhógra ón gCoimisiún). Tá sé de shaoirse ag na Ballstáit cinneadh a dhéanamh maidir leis an bhforléargas beacht a bheidh sa tuarascáil bhliantúil uathu ar dhul chun cinn agus maidir le cé chomh mionsonraithe a bheidh an tuarascáil, ar choinníoll go mbeidh inti an fhaisnéis a cheanglaítear leis an Rialachán i gcomhréir leis an treoraíocht a thugtar san Fhógra.

Sna tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn, ní fhéachfar arís ar na gealltanais bheartais lárnacha sna pleananna meántéarmacha. Is doiciméid riaracháin agus fhíorasacha atá siarbheathnaitheach go bunúsach iad na tuarascálacha, ach féadfaidh na Ballstáit iad a úsáid freisin chun tionscnaimh bheartais ábhartha nua a fhógairt, go háirithe i réimse na n-athchóirithe struchtúracha agus na n-infheistíochtaí.

Sa tuairisciú ba cheart díriú ar na bearta ina ndearnadh gníomhaíochtaí beartais nua ó cuireadh isteach an tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn is déanaí, chun athrá ar fhorbairtí a tuairiscíodh roimhe sin a sheachaint. I gcás moilleanna, coigeartuithe, nó neamhchríochnú, ba cheart míniú a thabhairt sa tuarascáil freisin ar na príomhchúiseanna agus ar an gcaoi a bhfuil sé ar intinn ag an mBallstát na cuspóirí a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu leis na hathchóirithe agus na hinfeistíochtaí a bhaint amach.

Ba cheart do na Ballstáit uile tuairisciú ar fhorbairtí maicreacnamaíocha agus seachtracha le linn chur chun feidhme an phlean, agus úsáid á baint as an réamhaisnéis is déanaí atá ar fáil chomh maith leis na réamh-mheastacháin bhuiséadacha agus na bearta lánroghnacha ioncaim agus na bearta aonuaire a rannchuidigh leis na torthaí buiséadacha agus leis na réamh-mheastacháin bhuiséadacha.

Sa tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn, ba cheart tuairisc a thabhairt ar chur chun feidhme na gníomhaíochta beartais lena gcuirtear i gcrích moltaí tírshonracha, tosaíochtaí coiteanna an Aontais, agus go háirithe na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sa phlean meántéarmach. I gcás Ballstáit a bhfuil tréimhse choigeartúcháin shínte suas le 7 mbliana acu, ba cheart, sa tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn, tuairisciú sonrach a dhéanamh ar chur chun feidhme na ngealltanais athchóirithe agus infheistíochta atá mar bhonn taca faoin síneadh, mar a liostaítear sa mholadh ón gComhairle.

Bheadh an tuairisciú ar chur chun feidhme na moltaí tírshonracha bunaithe ar fhaisnéis a thíolacfar ar ardán CeSaR, chun dúbláil agus an t-ualach riaracháin a theorannú. Ina theannta sin, d'áireofaí sa tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn príomhghnéithe na freagartha ar mholtaí tírshonracha agus sonraí ábhartha.

I gcás na mBallstát lena mbaineann, ba cheart tuairisc a thabhairt sa tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn freisin ar an dul chun cinn atá déanta maidir le míchothromaíochtaí a cheartú faoin Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha, go háirithe i gcás ina bhfuil an Ballstát faoi nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha.

Faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí

Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme an phlean fhioscach-struchtúraigh mheántearmaigh náisiúnta, agus go háirithe ar an gconair ghlanchaiteachais arna leagan síos ag an gComhairle agus ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin. Úsáidfídh an Coimisiún an fhaisnéis arna soláthar ag na Ballstáit ina dtuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn, mar aon le faisnéis ábhartha eile.

I gcás inar gá sin a dhéanamh, agus tar éis measúnú a bheith déanta ag an gCoimisiún ar na pleananna fioscach-struchtúracha meántéarmacha náisiúnta, ar na tuarascálacha ilbhliantúla ar dhul chun cinn agus ar staideanna socheacnamaíocha Ballstát, cuirfidh an Chomhairle, ar bhonn moltaí ón gCoimisiún, moltaí faoi bhráid Ballstát chun a áirithiú go gcuirfear an plean chun feidhme go cuí.

I gcás inar deonaíodh síneadh lena thréimhse choigeartúcháin do Bhallstát ach go dteipeann air a shraith de ghealltanais athchóirithe agus infheistíochta lena gcuirtear bonn taca leis an síneadh a chomhlíonadh go sásúil, féadfaidh an Chomhairle, ar mholadh ón gCoimisiún, agus i gcomhréir le hAirteagal 29, conair ghlanchaiteachais athbhreithnithe a mholadh a ngabhfaidh tréimhse choigeartúcháin níos giorra leis, mura bhfuil imthosca oibiachtúla ann lena gcuirtear cosc ar chur chun feidhme an spriocdháta tosaigh.

3. OIBRIÚ AN CHUNTAIS RIALAITHE

Leagtar amach in Airteagal 22 de Rialachán 2024/1263 na príomhphrionsabail lena rialaítear oibriú an chuntais rialaithe sa Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis. Cuirtear i láthair sa chaibidil seo den Chód Iompair tuilleadh sonraí maidir le ríomh iarmhéideanna na gcuntas rialaithe agus a n-impleachtaí don fhaireachas fioscach.

Ríomhann an Coimisiún iarmhéideanna bliantúla agus carntha an chuntais rialaithe ar bhonn sonraí olltoraidh agus cuirtear ar fáil go poiblí iad.⁹ Ríomhann an Coimisiún iarmhéid bliantúil an chuntais rialaithe trí chomparáid a dhéanamh idir rátaí fáis bliantúla breathnaithe agus molta chomhiomlán an ghlanchaiteachais agus tríd an mbearna bhliantúil a thagann as sin (san airgeadra náisiúnta) a shloinneadh mar chéatadán de OTI.¹⁰ Taiifeadfar dochar (creidmheas) sa chuntas rialaithe nuair a bheidh an fás glanchaiteachais breathnaithe i mbliain ar leith os cionn (faoi bhun) an fháis glanchaiteachais mholta. Ríomhtar iarmhéid carnach an chuntais rialaithe i mbliain shonrach mar shuim na n-iarmhéideanna bliantúla (san airgeadra náisiúnta) arna sloinneadh mar chéatadán de OTI na bliana sin.¹¹

Mar a mhínítear sa chaibidil maidir leis an táscaire glanchaiteachais, is í bonnbhliain na conaire glanchaiteachais mholta an bhliain dheireanach a bhfuil sonraí olltoraidh ar fáil ina leith tráth a fhorhluainíonn an Chomhairle conair glanchaiteachais an phlean. Áirítear in iarmhéid carnach an chuntais rialaithe an diall i ngach bliain ó bhonnbhliain an mholta. Má tharlaíonn sárú ar an tairseach charnach agus más é is cúis leis an sárú sin an chonair glanchaiteachais a chur ar ancaire go dtí an bhonnbhliain, scrúdófar é sin mar chuid den anailís ar na tosca ábhartha sa tuarascáil faoi Airteagal 126(3) CFAE.

⁹ Ní féidir ach na blianta go t-1 a thaispeáint in iarmhéideanna an chuntais rialaithe arna ríomh i mbliain t, ós rud é nach féidir an cuntas rialaithe a ríomh ach amháin ar bhonn sonraí olltoraidh. Dá bhrí sin, ní bheidh an forléargas iomlán ar na blianta uile mar a léirítear i dTábla 1 ar fáil ach amháin in earrach t+ 5.

¹⁰ Sloinntear an t-iarmhéid bliantúil mar chéatadán de OTI olltoraidh le haghaidh na bliana sin.

¹¹ Rinneadh clásal éalaithe náisiúnta Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2024/1263, a ghníomhachtaítear le haghaidh méaduithe ar chaiteachas cosanta le linn na mblianta 2025 go 2028, a oibríochtú trí chuntas rialaithe méadaithe a bhunú nach bhfuil ann ach iarmhéid carnach chun dialltaí aníos ón gconair chaiteachais mholta nach gcumhdaítear faoi fhorálacha an chláisail a thairfeadh.

Mar thoradh ar shárúithe ar thairseacha bliantúla agus/nó carnacha an chuntais rialaithe (a chomhfhreagraíonn do 0,3 % agus 0,6 % de OTI faoi seach) bunaithe ar shonraí olltoraidh, ullmhófar tuarascáil faoi Airteagal 126(3) CFAE, i gcás ina sáraíonn an cóimheas idir an fiachas rialtais agus OTI luach tagartha 60 % de OTI agus i gcás nach bhfuil an riocht bhuiséadach gar do chomhardú nó i mbarrachas. Measfar an riocht buiséadach a bheith gar don chomhardú mura dtéann an t-easnamh rialtais ghinearálta thar 0,5 % OTI. I gcás ina n-ullmhófar an tuarascáil sin bunaithe ar shárú ar an tairseach bhliantúil, measfar iarmhéid carnach an chuntais rialaithe a bheith ina thoisic ábhartha go siméadrach i measc tosca ábhartha eile. Má léiríonn sonraí olltoraidh gur sáraíodh tairseacha bliantúla agus/nó carnacha an chuntais rialaithe, ach go bhfanann cóimheas fiachais an rialtais faoi bhun 60 % de OTI, cláraítear an diallas sa chuntas rialaithe, ach feidhmíonn sé mar ionstraim faisnéise (agus níl ullmhú tuarascála faoi Airteagal 126(3) CFAE i gceist leis).

Le hathbhreithnithe ar shonraí olltoraidh sna blianta ina dhiaidh sin, ní athrófar *ex post* na cinntí faireachais a rinneadh le linn na mblianta roimhe sin. An tráth céanna, d'fhéadfadh tionchar a bheith ag athbhreithnithe ar an iarmhéid carnach. Nuair a chuireann na hathbhreithnithe le sárú ar thairseach an chuntais rialaithe charnagh sna blianta ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún tionchar agus cineál an athbhreithnithe a mheas sa tuarascáil faoi Airteagal 126(3) CFAE.

Tar éis moladh ón gComhairle conair ghlanchaiteachais nua a chur ar bun, athshocraítear iarmhéid carnach an chuntais rialaithe go nialas. Dhéanfaí measúnú fós ar chuntas rialaithe an phlean bunaidh nuair a thaispeánfaí sonraí olltoraidh don bhliain ábhartha dheireanach den phlean sin. Is é sin le rá, ní thabharfar iarmhéid carnach an chuntais rialaithe ag deireadh gach plean anonn go dtí cuntas rialaithe an chéad mholta eile. Déantar iarmhéideanna an chuntais rialaithe a bhaineann le bliain deiridh an tseanphlean mheántearmaigh (i.e. sa bhliain idirthréimhse idir an plean sin agus an plean nua) a ríomh nuair a bhíonn sonraí olltoraidh don bhliain sin ar fáil. Is é is aidhm dó sin bearnaí faireachais a sheachaint toisc go ndéantar measúnú ar an seanphlean go dtí go dtabharfar i gcrích é.

Céimeanna as a dtiocfaidh ríomh na n-iarmhéideanna bliantúla agus carnacha

Leagtar amach i dTábla 1 sampla léiritheach de ríomh iarmhéideanna bliantúla agus carnacha an chuntais rialaithe don chéad bhliain de na pleananna meántéarmacha. Glactar leis sa sampla sin go bhfuil ráta fáis glanchaiteachais bliantúil molta de 2 % ag Ballstát agus go bhfuil dialltaí bliantúla anuas agus aníos aige go dtí an bhliain T+4. Leanann ríomh an iarmhéid bhliantúil roinnt céimeanna:

Is é an chéad chéim leibhéal bliantúil chomhiomlán an ghlanchaiteachais a ríomh sula gcuirtear bearta lánroghnacha ioncaim san áireamh. Leanann an ríomh sin an sainmhíniú ar an gcomhiomlán a leagtar amach in Airteagal 2(2) de Rialachán 2024/1263, ina ndealaítear Línte 2 go 6 (caiteachas úis, caiteachas timthriallach dífhostaíochta, caiteachas arna chistiú ag an Aontas, cómhaoiniú náisiúnta chláir an Aontais, bearta aonuaire) etc., ón gcaiteachas iomlán (Líne 1). Tugann sé sin leibhéal an ghlanchaiteachais san airgeadra náisiúnta roimh bhearta lánroghnacha ioncaim (Líne 7).

Is éard atá sa dara céim ríomh an athraithe bhliantúil ar ghlanchaiteachas nach gcúitítear le bearta lánroghnacha ioncaim (Líne 10). Ríomhtar an t-athrú bliantúil ar ghlanchaiteachas i ndiaidh bearta lánroghnacha ioncaim (in airgeadra náisiúnta, Líne 10) mar an t-athrú ar ghlanchaiteachas roimh bhearta lánroghnacha ioncaim (Líne 8) lúide tionchar incriminteach bliantúil na mbeart lánroghnach ioncaim (Líne 9).¹²

Na hathruithe sin ar an leibhéal bliantúil a ríomhtar i líne 10, tiontaítear ansin iad ina rátaí fáis glanchaiteachais breathnaithe (Líne 11) agus cuirtear i gcomparáid iad leis na rátaí fáis glanchaiteachais molta (Líne 12), de réir an mholta ón gComhairle.

Déantar an difríocht idir an dá ráta fáis sin (Líne 11 lúide Líne 12) a iolrú faoi leibhéal chomhiomlán glanchaiteachais na bliana roimhe sin sula gcuirtear tionchar incriminteach bliantúil na mbeart lánroghnach san áireamh (Líne 7), rud a léiríonn an bhearna bhliantúil san airgeadra náisiúnta (Líne 13).

¹² Tuairiscíonn na Ballstáit bearta lánroghnacha ioncaim i dtéarmaí a dtionchair incrimintigh bhliantúil, seachas na míreanna a ghlantar amach sa chéad chéim, atá i leibhéal (bhliantúla). Dá bhrí sin, ós rud é go dtuairiscítear bearta lánroghnacha ioncaim mar athruithe ar ioncam, ba cheart iad a asbhaint ó na hathruithe ar chaiteachas (glanchaiteachas). Sa sampla a leagtar amach i dTábla 1, is é atá i gceist le bearta lánroghnacha ioncaim ioncam a mhéadú in T+1 agus T+2 (Líne 9), rud a chruthaíonn níos mó spáis don Bhallstát caiteachas a mhéadú sna blianta sin.

Ar deireadh, sloinntear iarmhéid bliantúil an chuntais rialaithe mar chéatadán de OTI (Líne 16). Chuige sin, tá an t-iarmhéid bliantúil cothrom leis an mbearna bhliantúil (Líne 13) arna roinnt ar leibhéal ainmniúil OTI (Líne 15).

Tá iarmhéid carnach an chuntais rialaithe san airgeadra náisiúnta (Líne 14) cothrom le hiarmhéid carnach na bliana roimhe sin (Líne 14t-1) móide iarmhéid bliantúil na bliana reatha (Líne 13). Tá iarmhéid carnach an chuntais rialaithe arna shloinneadh mar chéatadán de OTI (Líne 17) cothrom ansin leis an iarmhéid carnach (Líne 14) arna roinnt ar leibhéal OTI ainmniúil na bliana reatha (Líne 15).

Tábla 1: Sampla léiritheach de ríomhanna ar chuntais rialaithe le haghaidh bhlianta uile na gcéad phleananna

Ríomhanna		T-1	T	T+1	T+2	T+3	T+4	
		2023	2024	2025	2026	2027	2028	
Glanchaiteachas breathnaithe								
1.	Caiteachas iomlán	<i>bn NAC (airgeadra náisiúnta sna billiúin)</i>	40,0	40,6	41,5	42,5	43,6	44,5
2.	Caiteachas úis	<i>bn NAC (airgeadra náisiúnta sna billiúin)</i>	3,0	3,1	3,2	3,4	3,4	3,3
3.	Caiteachas timthriallach dífhostaíochta	<i>bn NAC (airgeadra náisiúnta sna billiúin)</i>	0,0	0,0	0,0	0,0	0,0	0,0
4.	Caiteachas arna chistiú ag an Aontas	<i>bn NAC (airgeadra náisiúnta sna billiúin)</i>	0,0	0,0	0,0	0,0	0,0	0,0
5.	Cómhaoiniú náisiúnta chlár an Aontais	<i>bn NAC (airgeadra náisiúnta sna billiúin)</i>	0,0	0,0	0,0	0,0	0,0	0,0
6.	Caiteachas aonuaire (leibhéal, gan iad sin atá cistithe ag an Aontas a áireamh)	<i>bn NAC (airgeadra náisiúnta sna billiúin)</i>	0,0	0,0	0,0	0,0	0,0	0,0
7.	Glanchaiteachas roimh bhearta lánroghnacha ioncaim (1-2-3-4-5-6)	<i>bn NAC (airgeadra náisiúnta sna billiúin)</i>	37,0	37,5	38,3	39,1	40,2	41,2
8.	Athrú ar ghlanchaiteachas roimh bhearta lánroghnacha ioncaim ($\Delta 7$)	<i>bn NAC (airgeadra náisiúnta sna billiúin)</i>		0,5	0,8	0,8	1,1	1,0
9.	Bearna lánroghnacha ioncaim (tionchar incriminteach bliantúil, gan tionchar aonuaire a áireamh)	<i>bn NAC (airgeadra náisiúnta sna billiúin)</i>		0,0	0,1	0,2	0,0	0,0
10.	Athrú bliantúil ar ghlanchaiteachas tar éis bearta lánroghnacha ioncaim (8-9)	<i>bn NAC (airgeadra náisiúnta sna billiúin)</i>		0,5	0,7	0,6	1,1	1,0
Bearnaí bliantúla agus carntha								
11.	Fás glanचाiteachais breathnaithe (10 (t) / 7 (t-1))	% athrú		1,4	1,8	1,7	2,7	2,4
12.	Fás glanचाiteachais arna mholadh*	% athrú		2,0	2,0	2,0	2,0	2,0
13.	Bearna bhliantúil ((11-12) x 7 (t-1))	<i>bn NAC (airgeadra náisiúnta sna billiúin)</i>		-0,2	-0,1	-0,1	0,3	0,2
14.	Bearna charntha (carnach ó 13)	<i>bn NAC (airgeadra náisiúnta sna billiúin)</i>		-0,2	-0,3	-0,4	-0,1	0,0
15.	OTI ainmniúil	<i>bn NAC (airgeadra náisiúnta sna billiúin)</i>	100	103	106	109	113	116

* Ní moladh é an ráta fáis le haghaidh na bliana T; tá sé ina bhonn tagartha, ós rud é gurb í an bhliain T-1 an bhliain is déanaí le sonraí ollíoraídh agus an chonair ghlanचाiteachais á socrú.

Cuntas rialaithe		T-1	T	T+1	T+2	T+3	T+4
		2023	2024	2025	2026	2027	2028
16.	Iarmhéid bliantúil (13/15)	% OTI		-0,05	-0,12	0,25	0,14
17.	Iarmhéid carntha (14/15)**	% OTI		-0,28	-0,39	-0,13	0,02

** Is éard atá san iarmhéid carntha (17) suim na n-iarmhéideanna bliantúla san airgeadra náisiúnta (bearna charnach, 14) arna roinnt ar OTI ainmniúil na bliana roimhe sin (15). Airítear leis an iarmhéid carntha aon diallas le haghaidh 2024.

4. ATHBHREITHNIÚ AR NA PLEANANNA MEÁNTÉARMACHA

Leagtar amach sa roinn seo prionsabail ghinearálta a bhaineann leis an athbhreithniú ar na pleananna meántéarmacha.

Cásanna athbhreithnithe

Déantar foráil i Rialachán 2024/1263 maidir le ceithre chás a d'fhéadfadh a bheith ann chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean:

1. Measann an Chomhairle nach féidir measúnú dearfach a dhéanamh ar an bplean a thíolaic an Ballstát ar bhonn na gcritéar arna mbunú le Rialachán 2024/1263 (Airteagal 18). Sa chás sin, molfaidh an Chomhairle, ar mholadh ón gCoimisiún, go dtíolacfaidh an Ballstát lena mbaineann plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta athbhreithnithe.
2. Cuirtear an Ballstát faoin Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Iomarcacha (Airteagal 31(2)) i gcomhréir le hAirteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 1176/2011. Sa chás sin, tíolacfaidh an Ballstát plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta athbhreithnithe i gcomhréir le hAirteagal 15 den Rialachán.
3. Tá imthosca oibiachtúla ann a chuireann cosc ar chur chun feidhme an phlean bunaidh (Airteagal 15(1)). Nuair a thíolacfar an plean athbhreithnithe, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann an Chomhairle agus an Coimisiún a chur ar an eolas faoi imthosca oibiachtúla a bheith ann. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar imthosca oibiachtúla mar sin agus údar cuí a thabhairt leo i moladh ar an bplean athbhreithnithe.
4. Is féidir le rialtas nuacheaptha plean athbhreithnithe a thíolacadh (Airteagal 15 (2)). Tuigtear go dtagraíonn rialtas nuacheaptha do rialtas nua a bhunú tar éis toghcháin nó nósanna imeachta bunreachtúla náisiúnta.

Ba cheart athbhreithnithe iomadúla leantacha ar phleananna a sheachaint toisc go mbainfeadh siad an bonn den chur chuige pleanála meántéarmach a chumhdaítear sa Rialachán. Seo a leanas roinnt sonraí breise maidir leis na socruithe le haghaidh athbhreithnithe:

Nósanna imeachta maidir le pleananna athbhreithnithe

I gcás athbhreithniú ar an bplean mar a leagtar amach i gcás 1 thuas, cloíonn an nós imeachta le hAirteagail 18 agus 19 de Rialachán 2024/1263. Sna cásanna eile, beidh ar na Ballstáit dul trí gach céim den Rialachán arb é formhuiniú an phlean ag an gComhairle an toradh a bheidh uirthi, ach amháin i gcás mion-athbhreithnithe (féach thíos).

Sula dtarchuirfear réamhthreoir le haghaidh plean athbhreithnithe, féadfaidh an Ballstát malartú teicniúil leis an gCoimisiún a iarraidh. Ina dhiaidh sin, tar éis tharchur na réamhthreorach, beidh an t-idirphlé teicniúil ar siúl idir an Coimisiún agus an Ballstát mar is gnách faoi Airteagal 12 sula gcuirfear isteach an plean athbhreithnithe.

Ní mór don phlean athbhreithnithe an tacar céanna ceanglas dá bhforáiltear le Rialachán 2024/1263 a chomhlíonadh, lena n-áirítear na ceanglais sin a bhaineann leis na hathchóirithe agus na gealltanais infheistíochta atá mar bhonn taca le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin má iarrann an Ballstát é mar chuid dá phlean athbhreithnithe (féadfaidh an tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca leis an síneadh a bheith éagsúil leis an tacar bunaidh). Is féidir leis na Ballstáit síneadh a iarraidh ar an tréimhse choigeartúcháin sa phlean athbhreithnithe gan beann ar cé acu a bhí nó nach raibh síneadh mar sin san áireamh sa phlean bunaidh. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bplean athbhreithnithe agus formhuineoidh an Chomhairle é de réir na gcritéar agus na gcéimeanna nós imeachta céanna agus a bheadh ann i gcás an phlean bhunaidh.

I gcás inar iarr an Ballstát athbhreithniú ar an bplean bunaidh de bharr imthosca oibiachtúla a chuireann cosc ar chur chun feidhme an phlean bhunaidh nó i gcás nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha, breithneofar, i meastóireacht ar aon chur i bhfeidhm leanúnach a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin, an dul chun cinn i gcur chun feidhme na ngealltanais athchóirithe agus infheistíochta atá mar bhonn taca leis an síneadh faoin bplean bunaidh. Leis an measúnú sin, bhreithneofaí tionchar na n-imthosca oibiachtúla lena dtugtar údar leis an athbhreithniú ar an bplean maidir le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochta áirithe.

I gcás mion-athbhreithnithe ar na gealltanais athchóirithe agus infheistíochta sa chás nach bhfuil gá le réamhthreoir nua, le measúnú ón gCoimisiún arna athbhreithniú go hiomlán, ná le moladh ón gComhairle arna athbhreithniú go hiomlán, féadfar na céimeanna nós imeachta a chuíchóiriú.

Dá bhformhuineodh an Chomhairle conair ghlanchaiteachais nua, dhéanfaí cuntas rialaithe na géige coiscthí a athshocrú, agus bheadh cuntas rialaithe an phlean bunaidh fós bailí le haghaidh measúnuithe *ex post* ar na blianta nach gcumhdaítear le ráta fáis bliantúil ghlanchaiteachais an mholta nua.

Idirghníomhaíocht idir an nós imeachta um easnamh iomarcach agus athbhreithniú an phlean

Maidir leis an idirghníomhaíocht idir an phlean agus an nós imeachta um easnamh iomarcach, is féidir idirdhealú a dhéanamh idir roinnt cásanna agus prionsabail ghinearálta atá le leanúint:

- Má théann Ballstát faoi nós imeachta um easnamh iomarcach le linn chur chun feidhme an phlean, rachaidh an chonair cheartaitheach a áirítear i moladh Airteagal 126(7) in ionad na conaire a leag an Chomhairle síos agus an phlean á fhorhuiniú aici. Maidir le pleananna a bhfuil tréimhse choigeartúcháin fhadaithe acu, tá na hathchóirithe agus na gealltanais infheistíochta atá mar bhonn taca faoin síneadh fós bailí sa nós imeachta um easnamh iomarcach.
- Má chuireann Ballstát atá faoi nós imeachta um easnamh iomarcach cheana féin phlean athbhreithnithe isteach le haghaidh na mblianta a chumhdaítear leis an nós imeachta um easnamh iomarcach, ba cheart an chonair ghlanchaiteachais a leagtar amach sa phlean athbhreithnithe a bheith comhsheasmhach leis an gconair cheartaitheach a áirítear i moladh Airteagal 126(7), i gcomhréir le hAirteagal 6(d) de Rialachán 2024/1263.
- Má bhí conair sa nós imeachta um easnamh iomarcach a bhí éagsúil leis an bplean bunaidh agus má aisghairfear an nós imeachta um easnamh iomarcach le linn shaolré an phlean, d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé indéanta filleadh ar chonair an phlean bhunaidh tar éis an nós imeachta um easnamh iomarcach. Sa chás sin d'fhéadfaí athbhreithniú ar an bplean a cheadú i gcomhréir le hAirteagal 15(1) de Rialachán 2024/1263. I gcásanna eile, leanfaidh an Ballstát den chonair ghlanchaiteachais a chomhlíonadh ar feadh na mblianta atá fágtha den phlean, mar shampla i gcás inar réamh-mheasadh sa phlean féin go gceartófaí an t-easnamh faoin luach tagartha le linn shaolré an phlean agus ina mbeadh an chonair ghlanchaiteachais sa phlean ag teacht leis an gconair cheartaitheach, go dtí go gceartófaí an t-easnamh iomarcach. D'fhéadfaí an phlean a athbhreithniú freisin i gcás aisghairm luath an nós imeachta um easnamh iomarcach faoi na coinníollacha céanna.

5. AN GHÉAG CHEARTAITHEACH - OIBRIÚ AN NÓS IMEACHTA UM EASNAMH IOMARCACH AGUS MEASÚNÚ AR GHNÍOMHAÍOCHT ÉIFEACHTACH

Leagtar síos na forálacha lena rialáítear easnamh rialtais iomarcach a sheachaint agus cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach in Airteagal 126 CFAE agus i Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 arna leasú le Rialacháin Uimh. 1056/2005, Uimh. 1177/2011 agus 2024/1264 ón gComhairle.

Tugtar mionsonraí sa mhéid seo a leanas maidir leis na sonraíochtaí breise le haghaidh oibriú praiticiúil an nós imeachta um easnamh iomarcach faoin gcreat rialachais eacnamaíoch athbhreithnithe agus faoin measúnú ar ghníomhaíocht éifeachtach:

An nós imeachta um easnamh iomarcach a oscailt

Déantar idirdhealú i Rialachán 1467/97 idir nósanna imeachta um easnamh iomarcach a osclaíodh ar bhonn an chritéir easnaimh agus nósanna imeachta um easnamh iomarcach a osclaíodh ar bhonn an chritéir fiachais. Dá bhrí sin, cinnfear cé acu atá nó nach bhfuil nós imeachta um easnamh iomarcach bunaithe ar easnamh nó bunaithe ar fhiachas leis an truícear as a dtiocfaidh oscailt an nós imeachta agus fanfaidh sé gan athrú nuair a osclófar an nós imeachta um easnamh iomarcach. Is féidir nós imeachta um easnamh iomarcach a oscailt bunaithe ar an dá chritéar freisin.

Tá an nós imeachta um easnamh iomarcach bunaithe ar an gcritéar easnaimh, mar a leagtar amach le Rialachán 1467/97 é, fós gan athrú, tar éis athchóiriú 2024 ar an gcreat rialachais eacnamaíoch.

Mura ndéanann Ballstát na ceanglais faoi cheann amháin de na critéir nó faoin dá cheann a chomhall, ullmhóidh an Coimisiún tuarascáil faoi Airteagal 126(3). Luaitear in Airteagal 2(3) de Rialachán 1467/97 go ndéanfaidh an Coimisiún aon toisc eile a bhreithniú go cuí soiléir, atá ábhartha, de réir thuairim an Bhallstáit lena mbaineann, chun measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar chomhlíontacht leis na critéir easnaimh agus fiachais agus ar chuir an Ballstát iad ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún. Cé nach luaitear i Rialachán 1467/97 iad, d'fhéadfaí a áireamh orthu sin, i gcomhréir le tosaíochtaí coiteanna an Aontais a bhaint amach, agus i measc nithe eile, aon mhéadú suntasach ar chaiteachas cosanta. Sa mheántearma, áfach, ar mhaithe le hinbhuanaitheacht fhioscach a chaomhnú, ba cheart an méadú ar chaiteachas cosanta a mhaoiniú trí athbheartú tosaíochtaí laistigh de bhuiséid náisiúnta.

An moladh maidir leis an easnamh iomarcach a cheartú

Rialacha ginearálta

Nuair a osclófar nós imeachta um easnamh iomarcach, sa mholadh ón gComhairle a dhéanfar i gcomhréir le hAirteagal 126(7), sonrú don Bhallstát conair cheartaitheach ghlanchaiteachais lena n-áiritheofar go bhfanfaidh an t-easnamh rialtais ghinearálta faoi bhun an luacha tagartha, nó go dtabharfar agus go gcoinneofar faoi bhun an luacha tagartha é, laistigh den spriocdháta a shonrófar sa mholadh. Ba cheart a áirithiú leis an gconair cheartaitheach freisin go gcoinneofar an fiachas ar chonair inchreidte anuas nó go bhfanfaidh sé ar leibhéil stuama faoi bhun 60 % de OTI sa mheántearma. Ní mór tosca ábhartha a chur san áireamh agus an chonair cheartaitheach agus an sprioc-am araon á mbunú.

Is i dtéarmaí fás glanchaiteachais amháin a shocraítear an chonair cheartaitheach i moltaí maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach agus ní shocraítear spriocanna idirmheánacha maidir le heasnamh phríomhlíne sa mholadh. Tagann an chonair cheartaitheach in ionad na conaire a mhol an Chomhairle faoin ngéag choisctheach le linn na tréimhse ina bhfuil nós imeachta um easnamh iomarcach ar oscailt.

Nuair a osclófar nós imeachta um easnamh iomarcach, beidh an chonair cheartaitheach, i gcás inar gá, bunaithe ar réamh-mheastacháin nuashonraithe arna dtáirgeadh ag an gCoimisiún trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht maidir le hanailís ar inbhuanaitheacht an fhiachais. Féadfaidh an Ballstát lena mbaineann a chur in iúl don Choimisiún saincheisteanna tír-shonracha a mheasann sé a bheith ábhartha chun an chonair cheartaitheach a shocrú.

Nós imeachta um easnamh iomarcach easnamh-bhunaithe

I gcomhréir le hAirteagal 3(4), an tríú fomhír de Rialachán 1467/97, beidh an chonair cheartaitheach i nós imeachta um easnamh iomarcach easnamh-bhunaithe comhsheasmhach le coigeartú struchtúrach bliantúil íosta 0,5 % de OTI ar a laghad mar thagarmharc (le córas idirthréimhseach atá bunaithe ar an bpríomhchomhardú struchtúrach le haghaidh 2025-27). Chun comhlíonadh luachanna tagartha an Chonartha a áirithiú agus chun creat comhsheasmhach riosca-bhunaithe a áirithiú, beidh luas an choigeartaithe ar an gconair cheartaitheach comhoiriúnach *ex-ante* freisin leis an bhfiachas poiblí a chur nó a choinneáil ar chonair inchreidte anuas nó ar leibhéil stuama faoi bhun 60 % de OTI sa mheántearma. I nós imeachta um easnamh iomarcach easnamh-bhunaithe, is é an spriocdháta chun an t-easnamh iomarcach a cheartú an bhliain, de réir réamh-mheastacháin na conaire ceartaithí, faoinar cheart an t-easnamh a thabhairt agus a choinneáil ina dhiaidh sin faoi bhun an luacha tagartha 3 % de OTI.

Nós imeachta um easnamh iomarcach fiachas-bhunaithe

Foráiltear le hAirteagal 3(4), an fhomhír dheireanach de Rialachán 1467/97, i gcás an nós imeachta um easnamh iomarcach fiachas-bhunaithe, go mbeidh an chonair ghlanchaiteachais cheartaitheach chomh dian céanna ar a laghad leis an gconair ghlanchaiteachais faoin ngéag choisctheach ónar imigh an Ballstát agus go gceartóidh sé dialltaí carntha an chuntais rialaithe faoin sprioc-am arna leagan síos ag an gComhairle mar riail.

Leis an nós imeachta um easnamh iomarcach fiachas-bhunaithe, molfar conair chaiteachais nua mar an chonair cheartaitheach, lena dtabharfar agus lena gcoinneofar an fiachas ar chonair inchreidte anuas sa mheántearma i gcomhréir leis na ceanglais ábhartha in Airteagal 16(2) de Rialachán 2024/1263 agus lena dtabharfar agus lena gcoinneofar an t-easnamh go marthanach faoi bhun an luacha tagartha 3 % de OTI.

Is í an tréimhse ama chun dialltaí carntha i nósanna imeachta um easnamh iomarcach fiachas-bhunaithe a cheartú an tréimhse choigeartaithe bhunaidh a úsáidtear faoin ngéag choisctheach mar bhonnlíne. Mar sin féin, féadfaidh an Coimisiún moladh a dhéanamh don Chomhairle, agus féadfaidh an Chomhairle é a ghlacadh ar an gcaoi sin, ar moladh é ina bhfuil sprioc-am a théann thar an tréimhse choigeartaithe bhunaidh i gcásanna nach mbeadh sé indéanta na dialltaí carntha a cheartú laistigh den tréimhse bhunaidh. Sa chás sin, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann a chur in iúl don Choimisiún aon ghné nó aon saincheisteanna tír-shonracha a mheasann sé a bheith ábhartha chun an chonair cheartaitheach a shocrú. Beidh an chonair cheartaitheach bunaithe, i gcás inar gá, ar réamh-mheastacháin nuashonraithe ón gCoimisiún trí úsáid a bhaint as an nós imeachta um easnamh iomarcach.

Chun gné oiriúnach cheartúcháin a áirithiú agus iarracht ‘chomh dian ar a laghad’ a áirithiú mar an chonair bhunaidh ónar imigh an Ballstát, féadfar an coigeartú ar an gconair cheartaitheach a thús-ualú.

Faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na conaire ceartaithí

I gcomhréir le hAirteagal 3(5) de Rialachán 1467/97, tuairisceoidh an Ballstát don Chomhairle agus don Choimisiún maidir le gníomhaíocht arna déanamh mar fhreagairt ar an moladh ón gComhairle faoi Airteagal 126(7) CFAE laistigh den sprioc-am a leagtar amach sa mholadh céanna. Díreofar go príomha sa chéad tuarascáil tar éis mholadh an nós imeachta um easnamh iomarcach ar an gcéad bhliain nó ar na chéad bhlianta a chumhdaítear leis an nós imeachta um easnamh iomarcach (an bhliain reatha de ghnáth agus b'fhéidir an bhliain dár gcionn freisin nuair a dhéantar an tuairisciú san fhómhar). Is féidir tuarascáil atá le tíolacadh san earrach a chomhtháthú sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn atá le tíolacadh faoi dheireadh mhí Aibreáin i gcomhréir leis an ngéag choisctheach, agus is féidir tuarascáil atá le tíolacadh san fhómhar a bheith mar chuid den dréachtphlean buiséadach do Bhallstáit an limistéir euro. Measfar gur réamh-mheasúnú é measúnú ar ghníomhaíocht éifeachtach ag an gCoimisiún, bunaithe ar réamhaisnéis na bliana, agus ba cheart athmheasúnú a dhéanamh bunaithe ar shonraí olltoraidh. Ní mheasfar méadú ar an nós imeachta in éagmais sonraí olltoraidh ach amháin i gcásanna fíor-thromchúiseacha de neamhchomhlíonadh an mholta maidir le nós imeachta um easnamh iomarcach. I gcás ina ndéanfar athbhreithniú sna sonraí olltoraidh, cuirfidh an Coimisiún tionchar agus cineál na n-athbhreithnithe san áireamh ina mheasúnú ar ghníomhaíocht éifeachtach.

I dtéarmaí táscairí fioscacha, beidh an measúnú ar ghníomhaíocht éifeachtach bunaithe go hiomlán ar chomhlíonadh na conaire ceartaithí a leagtar amach i moladh an nós imeachta um easnamh iomarcach. Aon Bhallstát a chloíonn leis an gconair cheartaitheach, measfar go bhfuil gníomhaíocht éifeachtach déanta aige, gan beann ar fhorbairtí san easnamh ceannlíne, sa chomhardú struchtúrach nó san fhiachas poiblí. I gcás ina measfaidh an Coimisiún gur leor na bearta a rinneadh chun dul chun cinn leordhóthanach a áirithiú i dtreo cheartú an easnaimh iomarcaigh laistigh den sprioc-am, cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas faoina mheasúnú agus cuirfear an nós imeachta um easnamh iomarcach ar stad (Airteagal 9 de Rialachán 1467/97).

Chun faireachán a dhéanamh ar dhialltaí ón gconair cheartaitheach, socrófar cuntas rialaithe ceartaitheach, ag tosú ó nialas, mar uirlis chun dialltaí bliantúla agus carnacha araon a rianú, le linn thréimhse an nós imeachta um easnamh iomarcach. Nuair a dhéantar athbhreithniú ar phlean nó nuair a chuirtear plean nua isteach le linn an nós imeachta um easnamh iomarcach, ba cheart go n-áiritheofaí leis an gconair sa phlean athbhreithnithe nó nua go gcomhlíonfaí conair mholta an nós imeachta um easnamh iomarcach. An cuntas rialaithe atá ábhartha don fhaireachas, is é sin an cuntas ceartaitheach i gcónaí.

I gcás ina n-imeoidh an fás glanchaiteachais ón gconair cheartaitheach, déanfaidh an Coimisiún measúnú foriomlán. Ní leanfaidh measúnú foriomlán an Choimisiúin cur chuige meicniúil. Breithneofar sa mheasúnú foriomlán méid an diallta, tosca ábhartha maolaitheacha nó géaraitheacha, mar shampla forbairtí suntasacha boilscithe agus imthosca eisceachtúla i gcás inarb infheidhme.

I gcás diall os cionn ceann de thairseacha an chuntais rialaithe cheartaithigh, arb ionann iad agus na cinn a úsáidtear do chuntas rialaithe na géige coiscthí, beidh toimhde láidir ann nach ndearnadh aon ghníomhaíocht éifeachtach. Mar sin féin, ní thiocfaidh uaschéimniú ar an nós imeachta um easnamh iomarcach as go huathoibríoch ós rud é go bhféadfar tosca ábhartha maolaitheacha a chur san áireamh freisin. Cuirfear san áireamh go siméadrach sa mheasúnú foriomlán freisin tosca ábhartha géaraitheacha, a bhféadfadh méadú ar an nós imeachta um easnamh iomarcach a bheith mar thoradh orthu, agus freisin i gcásanna ina bhfanann diall faoi bhun na dtairseach ábhartha cuntais rialaithe. Chun comhaireamh dúbailte a sheachaint, ní dhéanfar ach tosca ábhartha nár cuireadh san áireamh agus an chonair cheartaitheach á socrú nó ar athraíodh a ndéine (e.g. i gcomparáid leo siúd is bun leis an moladh maidir leis an nós imeacht um easnamh iomarcach), lena n-áirítear tosca a chuir an Ballstát in iúl do thuarascáil Airteagal 126(3), a mheas sa mheasúnú ar ghníomhaíocht éifeachtach.

Beartaítear le Rialachán 1467/97 go bhféadfar athbhreithniú a dhéanamh ar mholadh maidir le nós imeachta um easnamh iomarcach mar thoradh ar imthosca eisceachtúla, a chumhdaítear leis an gclásal éalaithe náisiúnta faoi choinníollacha áirithe¹³. I gcás ina bhfuil an clásal éalaithe náisiúnta nó ginearálta gníomhach, breithneofar sa mheasúnú ar ghníomhaíocht éifeachtach tionchar na n-imthosca eisceachtúla (i gcomparáid leis an mbonnlíne is bun leis an moladh maidir le nós imeachta um easnamh iomarcach) ar fhás glanchaiteachais.

Sa nós imeachta um easnamh iomarcach easnamh-bhunaithe, i gcás ina bhfanfaidh an t-easnamh ceannlíne os cionn 3 % de OTI faoin spriodhata le haghaidh ceartúcháin d'ainneoin gníomhaíocht éifeachtach a bheith déanta ag an mBallstát, molfaidh an Coimisiún moladh athbhreithnithe don Chomhairle faoi Airteagal 126(7) CFAE. Sa mholadh athbhreithnithe cuirfear síneadh aon bhliain amháin leis an spriodhata do cheartú an easnamh iomarcaigh mar riail. Beidh an moladh athbhreithnithe bunaithe freisin, i gcás inar gá, ar réamh-mheastacháin fiachais nuashonraithe ón gCoimisiún trí úsáid a bhaint as modheolaíocht na hanailíse ar inbhuanaitheacht an fhiachais agus measfar ann gur tagarmharc é an coigeartú struchtúrach bliantúil íosta 0,5 % de OTI fad is a fhanfaidh an t-easnamh os cionn 3 % de OTI.

¹³ Beartaítear le Rialachán 1467/97 freisin go bhféadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar mholadh maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach má tá feidhm ag na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 25 de Rialachán 2024/1263 i ndáil leis an gclásal éalaithe ginearálta.

An nós imeachta um easnamh iomarcach a aisghairm

Nós imeachta um easnamh iomarcach easnamh-bhunaithe

Aisghairfear an nós imeachta um easnamh iomarcach easnamh-bhunaithe nuair a thugann an Ballstát a easnamh ceannlíne go marthanach faoi bhun an luacha tagartha 3 % de OTI (Airteagal 8(3) de Rialachán 1467/97). Sa chás seo, tugann ‘go marthanach’ le tuiscint go bhfanfaidh an t-easnamh ceannlíne faoi bhun an luacha tagartha sa bhliain reatha agus sa bhliain ina dhiaidh sin de réir réamh-mheastachán an Choimisiúin. Dá bhrí sin, d’fhéadfadh údar a bheith le haisghairm roimh an sprioc-am a leagtar síos sa mholadh maidir le nós imeachta um easnamh iomarcach (‘aisghairm luath’) a luaithe a thabharfar an t-easnamh go marthanach faoi bhun 3 % de OTI, gan beann ar aon dialltaí ón gconair cheartaitheach.

Nós imeachta um easnamh iomarcach fiachas-bhunaithe

Déanfar an nós imeachta um easnamh iomarcach fiachas-bhunaithe a aisghairm nuair a bheidh a chonair cheartaitheach urramaithe ag an mBallstát, ar choinníoll go mbeidh an t-easnamh ceannlíne go marthanach faoi bhun na tairsí 3 % de OTI. Dá bhrí sin, féadfar an nós imeachta um easnamh iomarcach fiachas-bhunaithe a aisghairm nuair a bheidh an sprioc-am caite gan dlús a chur leis an nós imeachta. I gcás nósanna imeachta um easnamh iomarcach fiachas-bhunaithe a bhfuil spriocdháta fada acu, féadfar sonraíocht ar choinníollacha luath-aisghairme a áireamh in aithrisí mholadh an nós imeachta um easnamh iomarcach. Féadfar aisghairm luath a bhreithniú i gcás comhlíontacht le 2 bhliain anuas bunaithe ar shonraí olltoraidh agus ar an mbliain reatha bunaithe ar an réamhaisnéis is déanaí ón gCoimisiún, go háirithe i gcásanna ina ndearnadh an coigeartú ar an gconair cheartaitheach a thús-ualú chun gné oiriúnach cheartúcháin a áirithiú. Thairis sin, tá údar le haisghairm luath má thugann an Ballstát an fiachas faoi bhun an luacha tagartha 60 % de OTI, ar choinníoll go bhfuil an t-easnamh ceannlíne go marthanach faoi bhun an luacha tagartha 3 % de OTI freisin.

Nuair a sheolfar nós imeachta um easnamh iomarcach ar bhonn an chritéir easnaimh agus an chritéir fiachais araon, leanfaidh socruithe aisghairme an nós imeachta um easnamh iomarcach fiachas-bhunaithe.

Aistriú chuig an ngéag choisctheach

Nuair a aisghairfear an nós imeachta um easnamh iomarcach agus nuair a aistroidh an Ballstát ar ais go dtí an ghéag choisctheach, beidh an cuntas rialaithe don phlean is déanaí ábhartha maidir le faireachas. Chuirfí dialltaí aníos agus anuas ó chonair chaiteachais an phlean is déanaí (lena n-áirítear do na blianta forluiteacha a chumhdaítear leis an moladh maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach) san áireamh sa chuntas rialaithe sin. I gcás plean nua nó plean athbhreithnithe tar éis na haisghairme, dhéanfaí cuntas rialaithe an phlean nua nó athbhreithnithe sin a athshocrú go nialas. Beidh tionchar ag aon imeacht ón gconair cheartaitheach ar thúsphointe na conaire glanchaiteachais.
